A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beannachtaí an Fhómhair ó Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile. Tá súil againn go raibh an leath téarma scoile rathúil do gach éinne agus go mbainfidh tú taitneamh as an sos meántéarma atá tuillte go maith agat!

Ár mbuíochas leat as clárú le cor poist a fháil go míosúil uainn agus déanfar gach iarracht anseo go mbeidh tú ar bord leis na huasdátuithe is déanaí i dtaobh cúrsaí teagaisc agus foghlama sa Ghaeilge.

## Tionól Teagaisc 2025 - An Clárú ar Oscailt anois

Is cúis áthais d'Oide a fhógairt go bhfuil an clarú ar oscailt anois don Tionól Teagaisc 2025 a bheidh ar siúl ar an 8 Samhain, 2025 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Cláraigí ag https://tinyurl.com/tionolteagaisc2025

'Sé atá sa Tionól Teagaisc ná féile bhliantúil a chuireann Oide ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge T1 agus T2 ina ndéantar ceiliúradh ar fhoghlaim agus theagasc na Gaeilge.

Tá clár iontach spéisiúil ann i mbliana a shásódh gach éinne!

Beidh ceardlanna faoin FCÁT, An Cur Chuige Chomhtháite, Scileanna Scríbhneoireachta agus an Fhoghlaim Ghníomhach, Drámaíocht mar chur chuige don Sealbhú Teanga maraon le haoichainteoirí ón Roinn Oideachais agus Óige. Cláraigí don Tionól Teagaisc, déan nóta den dáta i do dhialann. Tapaidh an deis foghlaim le múinteoirí Gaeilge agus scaip an scéal!



# Tionól Teagaisc 2025/26

**Dé Sathairn 8 Samhain,2025, Óstán Killeshin, PortLaoise,Co.Laoise. R32 TYW7.**
**Beatha Teanga í a Labhairt – Grá, muinín agus spraoi le Gaeilge sa phobal scoile**
**Roghnaigh as na ceardlanna thíos & Cláraigh ag:** https://tinyurl.com/tionolteagaisc2025

| | |
|---|---|
| **9:15-10:00 Clárú agus Seastáin (*Walnut Suite*)** | |
| **10:00 – *Walnut Suite* – Aoichaint – *Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna meán-Bhéarla* ón bPríomhoifigeach Pádraig Mac Fhlannchadha agus an Cigire Micheál Ó Caoilte (Aonad Gaeilge um Scoileanna meán-Bhéarla, An Roinn Oideachais agus Óige)** | |
| Seisiún 1<br>10.30-11.30 | *Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) – An tairbhe agus an luach a bhaineann léi* le Caitlin Ní Ruanaidh (Oifigeach Oideachais, COGG) |
| | *Deiseanna Cainte agus Ábhar Spreagtha le Litríocht na hArdteistiméireachta Gaeilge* le Freda Kinsella (Múinteoir Iar-bhunscoile, Scoil Mhuire, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath) |
| | *Úsáid Fuaime mar Spreagadh do Scileanna Teanga a Fhorbairt le hEdel Ní* Arrachtáin (Múinteoir Gaeilge i gColáiste de hÍde, Tamhlacht, Baile Átha Cliath) |
| | *An cur chuige comhtháite sa seomra ranga Gaeilge T2 sa tSraith Shóisearach* le hAnna Ní Choirbín (Léachtóir le Gaeilge i gColáiste san Aingeal, Sligeach) |
| **11:30-12:00 Sos Tae agus Caife & Aonach na Seastán - *Walnut Suite*** | |
| Seisiún 2<br>12:00-13:00 | *Cleachtais Mheasúnaithe* le Niamh Mahon (Múinteoir Gaeilge, Coláiste Naomh Cholumba, Stranorlar, Contae Dhún na nGall) |
| | *An Drámaíocht sa seomra ranga chun sealbhú teanga a threisiú* (Áine Ní Dhroighneáin, An tOireachtas) |
| | *Scileanna Scríbhneoireachta don tSraith Shóisearach* le Sarah Murphy (múinteoir Gaeilge in Catholic University School, Baile Átha Cliath) |
| | *Anailís Dhomhain ar Litríocht na hArdteistiméireachta* le Vikki Ni Bhréin (Múinteoir Gaeilge, ColáistePobailLusca, Baile Átha Cliath) |
| **13:00-14:00 Lón ar fáil sa Seomra Cedar.<br>Aonach na Seastán, Crannchur, Tae & Caife – *Walnut Suite*** | |
| **14:00 Aoichaint – *Eachtraí na gCigirí ar cheachtanna Gaeilge* ón gCigire Sinsearach Helen Ní Chatháin (An Roinn Oideachais agus Óige).** | |
| Seisiún 3<br>14:30-15:30 | *Cumas cumarsáide na scoláirí a fhorbairt mar chuid den chur chuige comhtháite do MRB a 2: Ag idirghníomhú trí Ghaeilge* le Conchubhar Mac Giollarnáth (múinteoir Gaeilge, Coláiste Naomh Mhic Cairthainn, Muineachán, Contae Mhuineacháin) |
| | *An Fhoghlaim Ghníomhach don Ardteistiméireacht Fheidhmeach Ghaeilge* le hAndrea Nic Giolla Phádraig (Múinteoir Gaeilge, Coláiste Uí Chearúlláin, An Obair, Contae na Mí) |
| | *Cleachtas Athmhachnaimh* le Gemma Ní Bhroin (Múinteoir Gaeilge, Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh) |
| | *Bláthú Teanga í a Léamh 3 - Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027* le Caoimhín Ó Foghlú (Ceannaire Foghlama Gairmiúla, Oide) |

cc BY NC